C/2025/5614

16.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12050 — KBC / 365.BANK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5614)

1. An 8 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KBC Bank NV ('KBC', an Bheilg), faoi rialú KBC Group N.V. ('KBC Group', an Bheilg),

— 365.bank, a.s. ('365.bank', an tSlóvaic), faoi rialú J&T FINANCE GROUP SE ('J&T', an tSeicia).

Gheobhaidh KBC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar 365.bank ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa comhtháite árachais bainc é grúpa KBC, a fhreastalaíonn go príomha ar chliaint mhiondíola, baincéireachta príobháidí, FBManna agus chorparáideacha. Is iad an Bheilg, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ungáir agus an Bhulgáir príomh-mhargaí ghrúpa KBC,

— Is banc tráchtála sa tSlóvaic é 365.bank, banc a bhfuil raon iomlán táirgí aige agus fócas an-láidir ar chustaiméirí miondíola. Feidhmíonn 365.bank mar bhanc lánseirbhíse a thairgeann réimse leathan seirbhísí agus táirgí do dhaoine aonair agus do chorparáidí chomh maith.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12050 — KBC / 365.BANK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË